2024/1694

13.6.2024

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1694 ÓN gCOIMISIÚN

**an 12 Meitheamh 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) in éanlaith chlóis i stáit Iowa (2) agus Minnesota (2), ráigeanna a deimhníodh le hanailís saotharlainne (ISP cúl-trascriptáise) idir an 28 Bealtaine 2024 agus 3 Meitheamh 2024.

(6) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, bhunaigh údarás tréidliachta na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus na bearta atá glactha acu chun leathadh an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna a tharla le déanaí i stáit Iowa agus Minnesota.

(8) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna bhunú ag údarás tréidliachta na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin lena mbaineann na ráigeanna a tharla le déanaí i stáit Iowa agus Minnesota a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(9) Ina theannta sin, sholáthair Ceanada agus na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe don Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach táirgí áirithe san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(10) Chuir Ceanada isteach faisnéis cothrom le dáta maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúigí British Columbia agus na hAlban Nua, ráigeanna a deimhníodh an 13 Nollaig 2023 agus an 2 Feabhra 2024, faoi seach, le hanailís saotharlainne (ISP cúl-trascrioptáise).

(11) Chuir na Stáit Aontaithe isteach faisnéis cothrom le dáta maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le 19 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit California (9), Florida (1), Idaho (1), Michigan (1), Missouri (1), Nua Eabhrac (1), North Dakota (2), South Dakota (2) agus Washington (1), ráigeanna a deimhníodh le hanailís saotharlainne (ISP cúl-trascrioptáise) idir an 27 Samhain 2023 agus an 15 Aibreán 2024.

(12) Chuir Ceanada agus na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag Ceanada agus ag na Stáit Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme ar a gcríocha.

(13) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada agus na Stáit Aontaithe isteach, agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí áirithe san Aontas ó na criosanna lena mbaineann sna tríú tíortha sin a chur ar fionraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna lena mbaineann i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, ba cheart é a athúdarú.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada.

(15) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada agus leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404**

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.228:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**CA** Ceanada | CA-2.228 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 13.12.2023 | 29.5.2024’ |

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.232:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**CA** Ceanada | CA-2.232 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 2.2.2024 | 29.5.2024’ |

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.547 agus US-2.548:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.547 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 27.11.2023 | 1.6.2024 |
| | US-2.548 | | N, P1 | | 30.11.2023 | 1.6.2024’ |

(iv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.550:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.550 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 29.11.2023 | 2.5.2024’ |

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.560:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.560 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 6.12.2023 | 1.6.2024’ |

(vi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.574:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.574 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 7.12.2023 | 19.5.2024’ |

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.579:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.579 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 12.12.2023 | 13.5.2024’ |

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.585:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.585 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 15.12.2023 | 14.5.2024’ |

(ix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.589, US-2.590 agus US-2.591:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.589 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 18.12.2023 | 1.6.2024 |
| | US-2.590 | | N, P1 | | 18.12.2023 | 1.6.2024 |
| | US-2.591 | | N, P1 | | 19.12.2023 | 1.6.2024’ |

(x) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.593:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.593 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 19.12.2023 | 16.5.2024’ |

(xi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.597:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.597 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 20.12.2023 | 18.5.2024’ |

(xii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.603 agus US-2.604:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.603 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 28.11.2023 | 1.6.2024 |
| | US-2.604 | | N, P1 | | 28.11.2023 | 1.6.2024’ |

(xiii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.607:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.607 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 28.12.2023 | 28.5.2024’ |

(xiv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.609:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.609 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 3.1.2024 | 1.6.2024’ |

(xv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.625:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.625 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 9.2.2024 | 1.5.2024’ |

(xvi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.632:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.632 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 12.3.2024 | 5.5.2024’ |

(xvii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.638:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.638 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 15.4.2024 | 17.5.2024’ |

(xviii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.656 go US-2.659 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.655:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.656 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 28.5.2024 | |
| | US-2.657 | | N, P1 | | 3.6.2024 | |
| | US-2.658 | | N, P1 | | 29.5.2024 | |
| | US-2.659 | | N, P1 | | 31.5.2024’ | |

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.656 go US-2.659 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.655:

| | | |
|---|---|---|
| 'Na Stáit Aontaithe | US-2.656 | State of Iowa<br>Sioux 02<br>Sioux County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 96.2343464°W 43.1420431°N) |
| | US-2.657 | State of Iowa<br>Cherokee 04<br>Cherokee County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.5047457°W 42.7160288°N) |
| | US-2.658 | State of Minnesota<br>Stearns 20<br>Stearns County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.7452009°W 45.6150057°N) |
| | US-2.659 | State of Minnesota<br>Stearns 21<br>Stearns County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.7652885°W 45.6366057°N)' |

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.228:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**CA** Ceanada | CA-2.228 | POU, RAT | N, P1 | | 13.12.2023 | 29.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 13.12.2023 | 29.5.2024' |

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.232:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**CA** Ceanada | CA-2.232 | POU, RAT | N, P1 | | 2.2.2024 | 29.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 2.2.2024 | 29.5.2024' |

(c) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.547 agus US-2.548:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.547 | POU, RAT | N, P1 | | 27.11.2023 | 1.6.2024 |
| | | GBM | P1 | | 27.11.2023 | 1.6.2024 |
| | US-2.548 | POU, RAT | N, P1 | | 30.11.2023 | 1.6.2024 |
| | | GBM | P1 | | 30.11.2023 | 1.6.2024' |

(d) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.550:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.550 | POU, RAT | N, P1 | | 29.11.2023 | 2.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 29.11.2023 | 2.5.2024' |

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.560:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.560 | POU, RAT | N, P1 | | 6.12.2023 | 1.6.2024 |
| | | GBM | P1 | | 6.12.2023 | 1.6.2024’ |

(f) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.574:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.574 | POU, RAT | N, P1 | | 7.12.2023 | 19.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 7.12.2023 | 19.5.2024’ |

(g) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.579:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.579 | POU, RAT | N, P1 | | 12.12.2023 | 13.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 12.12.2023 | 13.5.2024’ |

(h) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.585:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.585 | POU, RAT | N, P1 | | 15.12.2023 | 14.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 15.12.2023 | 14.5.2024’ |

(i) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.589, US-2.590 agus US-2.591:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.589 | POU, RAT | N, P1 | | 18.12.2023 | 1.6.2024 |
| | | GBM | P1 | | 18.12.2023 | 1.6.2024 |
| | US-2.590 | POU, RAT | N, P1 | | 18.12.2023 | 1.6.2024 |
| | | GBM | P1 | | 18.12.2023 | 1.6.2024 |
| | US-2.591 | POU, RAT | N, P1 | | 19.12.2023 | 1.6.2024 |
| | | GBM | P1 | | 19.12.2023 | 1.6.2024’ |

(j) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.593:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.593 | POU, RAT | N, P1 | | 19.12.2023 | 16.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 19.12.2023 | 16.5.2024’ |

(k) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.597:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.597 | POU, RAT | N, P1 | | 20.12.2023 | 18.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 20.12.2023 | 18.5.2024’ |

(l) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.603 agus US-2.604:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.603 | POU, RAT | N, P1 | | 28.11.2023 | 1.6.2024 |
| | | GBM | P1 | | 28.11.2023 | 1.6.2024 |
| | US-2.604 | POU, RAT | N, P1 | | 28.11.2023 | 1.6.2024 |
| | | GBM | P1 | | 28.11.2023 | 1.6.2024’ |

(m) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.607:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.607 | POU, RAT | N, P1 | | 28.12.2023 | 28.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 28.12.2023 | 28.5.2024’ |

(n) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.609:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.609 | POU, RAT | N, P1 | | 3.1.2024 | 1.6.2024 |
| | | GBM | P1 | | 3.1.2024 | 1.6.2024’ |

(o) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.625:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.625 | POU, RAT | N, P1 | | 9.2.2024 | 1.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 9.2.2024 | 1.5.2024’ |

(p) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.632:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.632 | POU, RAT | N, P1 | | 12.3.2024 | 5.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 12.3.2024 | 5.5.2024’ |

(q) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.638:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.638 | POU, RAT | N, P1 | | 15.4.2024 | 17.5.2024 |
| | | GBM | P1 | | 15.4.2024 | 17.5.2024’ |

(r) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.656 go US-2.659 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.655:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.656 | POU, RAT | N, P1 | | 28.5.2024 | |
| | | GBM | P1 | | 28.5.2024 | |
| | US-2.657 | POU, RAT | N, P1 | | 3.6.2024 | |
| | | GBM | P1 | | 3.6.2024 | |
| | US-2.658 | POU, RAT | N, P1 | | 29.5.2024 | |
| | | GBM | P1 | | 29.5.2024 | |
| | US-2.659 | POU, RAT | N, P1 | | 31.5.2024 | |
| | | GBM | P1 | | 31.5.2024’. | |